



Ball Seachtrach d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) Ceisteanna Coitianta

1. Cén fáth a bhfuil gá le Ball Seachtrach?

I scoileanna beaga, nó i gcásanna nuair nach féidir FTG a bhunú as foireann na scoile féin, tá samhail sheachtrach i bhfeidhm. Is féidir gné seachtrach a úsáid freisin sa chás go bhfuil saineolas ar leith ag teastáil e.g. chun tacú le Múinteoir Nua-Cháilithe (MNC) atá ag múineadh i rang speisialta nó rang do dhaltaí a bhfuil uathchas orthu. Is féidir gur mhaith le príomhoide FTG a bhunú ina mbeidh baill foirne na scoile féin móide baill seachtrach amháin. Ní mór ball amháin ar a laghad ó scoil an MNC a bheith ar an FTG.

2. Cá bhfaigheadh scoil Ball Seachtrach?

Tá painéal de bhaill féinroghnaithe, lánoilte FTG bunaithe ag an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead, baill a bheadh sásta gníomhú mar bhaill sheachtracha ar FTGanna i scoileanna eile. Go tipiciúil, d'oibrigh na baill FTG seo i FTG a scoile féin agus tá taithí acu ar mhúinteoirí nua-cháilithe a threorú ó thús deireadh phróiseas Droichead.

Chun liosta na n-ainmneacha ar Phainéal Seachtrach an Rannán Ionduchtúcháin Droichead a iarraidh, ba cheart do phríomhoide na scoile ríomhphost a sheoladh chuig Ceannoifig an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead (aine.kilbride@oide.ie). Roghnóidh an príomhoide ball seachtrach FTG ón bpainéal seo agus tabharfar cuireadh dóibh dul isteach i FTG na scoile. Ní mholfaidh an Rannán Ionduchtúcháin Droichead ball seachtrach – is faoin bpríomhoide atá sé ball seachtrach a roghnú. Bunófar an roghnú ar chomhthéacs na scoile de ghnáth (cibé an Gaelscoil, scoil speisialta, scoil DEIS í) agus a ghaire atá sí don bhall seachtrach. Is ar bhonn discréideach a úsáideann an príomhoide an liosta seo.

De rogha ar phainéal an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead is féidir le príomhoidí cuireadh a thabhairt do mhúinteoir i scoil áitiúil dul ar a FTG mar bhall seachtrach. Caithfidh an múinteoir seo a bheith oilte cheana féin mar bhall de FTG. Mura bhfuil siad oilte, caithfidh siad gealltanais a thabhairt go bhfreastalóidh siad ar oiliúint FTG. Iarrtar ort é a chur in iúl don Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead más amhlaidh, agus gheobhaidh an múinteoir seo cuireadh chuig an chéad bhabhta eile d'oilíúint FTG.

Ní mór múinteoir Lá 1 agus Lá 2 d'Oiliúint FTG a chríochnú sula dtéann sí/sé i mbun oibre mar bhall seachtrach de FTG.

3. Má roghnaíonn scoil mé mar bhall seachtrach, an gcaithfidh mé glacadh leis?

Ní chaithfidh. Ar bhonn deonach a ghlactar le ballraíocht i bpainéal seachtrach agus ina leith sin tá sé de rogha ag an mball seachtrach, má dhéanann scoil teagmháil leis, a roghnú cibé an dtacóidh sé le scoil nó nach dtacóidh mar gheall ar shrianta ama nó geografacha.

Tá sé tábhachtach é a chur in iúl do aine.kilbride@oide.ie mura bhfuil tú ar fáil níos mó chun gníomhú mar bhall seachtrach.

4. Cad leis a mbeifear ag súil uaim mar Bhall Seachtrach d'FTG?

Déanann an FTG an MNC a threorú agus a thacú le linn an ionduchtaithe scoilbhunaithe agus síníonn na baill dearbhú i bpáirt leis an MNC go raibh an MNC páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama.

A luaithe a bhíonn an ball seachtrach ceaptha ar an FTG, aontóidh an scoil Droichead prótacail maidir le bheith páirteach sa phróiseas ar leibhéal na scoile. Is féidir go mbeidh éagsúlacht idir ról agus freagrachtaí gach ball den FTG agus an príomhoide ó scoil go scoil, agus mar sin aontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas Droichead. Ba cheart go mbeadh páirt ag an mball seachtrach nuair a bhíonn Srac-Phlean Droichead a chur i dtoll a chéile, agus le socrú na ndátaí tascacha.

Próiseas comhoibritheach é i gcónaí tacú le MNC trí Droichead. Is gnách do bhall

seachtrach de FTG cúpla cuairt a thabhairt ar an scoil i dtrácht le haghaidh comhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC, agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ionductaithe, cosúil le breathnú sa seomra ranga agus plé. Is féidir go n-áireofar ar na gníomhaíochtaí sin

– iarbhír agus/nó fíorúil – comhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an múinteoir nua-cháilithe.

Déanfaidh an óstscóil/scoil Droichead, i gcomhar leis an MNC agus le ball seachtrach an phainéil, iniúchadh féachaint an bhféadfaí gníomhaíochtaí ionductaithe éagsúla a sheoladh. Ní bhíonn gá i gcónaí le hidirghníomhaíocht duine le duine agus tá roinnt gníomhaíochtaí/comhráite gairmiúla oiriúnach do bhogearraí/teicneolaíocht chúil m.sh. díospóireachtaí réamhbhreathnóireachta agus/nó iarbhbreathnóireachta.

Maidir le gnéithe de Shnáithe A, ba chóir an tréimhse riachtanach de chleachtas gairmiúil, gníomhaíochtaí ionductaithe scoilbhunaithe, lena n-áirítear breathnóireachtaí, comhráite gairmiúla srl. ach gan a bheith teoranta dóibh, a dhéanamh laistigh de thimpeallacht na scoile.

5. Conas a chosnaítear iomláine an phróisis bhreathnóireachta trí chéime?

Ó thús deireadh phróiseas Droichead, úsáidtear próiseas trí cheim i ngach breathnóireacht cibé an í an MNC atá ag breathnú ar ghairmí a bhfuil taithí aici nó gairmí ag féachaint ar MNC. Is gá aird agus am a chaitheamh ar gach eilimint den phróiseas. Tá feidhm ag an bpróiseas seo – Ullmhú Réamhbhreathnóireachta Breathnóireacht Ranga/Plé Iarbhbreathnóireachta – i ngach cás ach nuair a bhreathnaíonn ball den PST ar MNC, is minic a thugtar an *Timthriall Cóitseála* ar an bpróiseas trí chéim. **Déanann an MNC** dhá bhreathnóireacht ar a laghad agus déanann an MNC dhá bhreathnóireacht ar a laghad **ar an MNC** le linn phróiseas an MNC. An PST, i gcomhar leis an MNC, a shocróidh cé mhéad breathnóireacht go díreach a dhéanfar.

Tá sé tábhachtach, sa chás go bhfuil socrú déanta ag ball seachtrach cuairt a thabhairt ar an óstscóil/scoil Droichead le haghaidh breathnóireachta, go dtarlódh an plé réamhbhreathnóireachta de ghnáth cúpla lá roimh an mbreathnóireacht ionas go mbeidh an MNC ullamh go maith agus deis aici nó aige an plean a leasú i bhfad sula

múintear an ceacht chun a chinntiú go bhfuil sé réidh don seomra ranga. Is féidir é seo a dhéanamh go cianda.

Tar éis na breathnadóireachta féin, socróidh ball an PST cruinniú leis an MNC don plé iarbhreathnóireachta. Is é an plé iarbhreathnóireachta an chéim dheiridh den Timthriall Cóitseála. Feicfimid scileanna bhall sn FTG i bhfeidhm anseo uair amháin eile, m.sh. ag ceistiú, ag éisteacht, ag léiriú comhbhá, ag achoimriú, ag athrá, ag tabhairt aiseolais, ag socrú spriocanna, ag beartú gníomhaíochtaí. Tá cóip de na **hUirlisí Breathnóireachta** is déanaí le fáil ar oide.ie/droichead.

6. Iarradh orm ‘cigireachtaí’ a dhéanamh ar MNC agus dúradh liom gurb é seo amháin atá an scoil ag iarraidh orm a dhéanamh. Táim míchompordach faoi seo – an gcaithfidh mé é a dhéanamh?

Ní chaithfidh. Sainchúram na Cigireachta is ea cigireachtaí agus níl aon ról ag comhaltaí den FTG anseo.

Cé gur cuid thábhachtach de phróiseas Droichead an bhreathnóireacht, is cinnte nach í an t-aon chuid thábhachtach í agus níor cheart í a thógáil ina haonar. Níor cheart an chuid sin den tSraith Cóitseála (Ullmhúchán Réamhbhreathnóireachta/Breathnóireacht Ranga/Plé iarbhreathnóireachta) ar a dtugtar an ‘Breathnóireacht Ranga’ a thógáil ina haonar ach oiread

– is próiseas trí pháirt é agus tá leanúnachas agus comhsheasmhacht na tacaíochta an-tábhachtach. Dá bhrí sin, ba cheart gombadh an ball den FTG céanna bainteach ó thús deireadh gach Timthriall Cóitseála.

Féadfaidh ball difriúil den FTG a bheith bainteach leis an tSraith Oiliúna le haghaidh breathnóireachta eile.

Déanann an FTG (baill inmheánacha agus baill sheachtracha le chéile) an MNC a **threorú agus a thacú** le linn an ionductaithe scoilbhunaithe agus **tugann dearbhú i bpáirt níos déanaí leis an MNC** (trí Fhoirm D a shíniú) go raibh an MNC páirteach i bpróiseas ardchaighdeán teagaisc agus foghlama.

7. An bhfuil uasteora le líon na scoileanna ar féidir liom tacú leo?

Agus Painéal Seachtrach an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead á chruthú, bhí sé beartaithe ag an Rannán gur scoil amháin a bheadh á tacú ag ball painéil, má iarradh orthu. Molaimid duit comhrá a bheith agat le príomhoide do scoile féin ar an gcéad dul síos mar bíonn tionchar ag am scaoilte/ionadaíochta ar do scoil féin agus éilítear é trí OLCS do scoile. Tá eolas againn ar chásanna éagsúla ina bhfuil baill de phainéal ag tacú le breis is scoil amháin, ar chúis mhaith, agus go bhfuil siad féin (agus a bpríomhoidí) compordach leis seo. Tá sé tábhachtach go dtugann tú aire duit féin agus nach ngabhfaidh tú an iomarca oibre ort féin. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh leis an Ceannaire Foghlaim Gairmiúil (CFG) do do cheantar más mian leat do chás a phlé. Féach an nasc teagmhála thíos i bpointe 11.

8. An féidir liom cur isteach ar Am Scaoilte (le clúdach ionaid) chun tacú leis an scoil/MNC?

Tá. Beidh lá scaoilte amháin ag ball seachtrach painéil, agus ceadófar an dara ceann más gá.

Ní bhaintear an t-am sin de leithdháileadh na hóstscóile ach as Am Lánroghnach an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead. Ba chóir é a chlárú ar OLCS scoil anbhail sheachtraigh.

De bhrí go raibh páirt agat i Srac-Phlean Droichead an MNC a chur i dtoll a chéile, beidh tú ar an eolas faoin bhfráma ama agus na dátaí táscacha do na gníomhaíochtaí ionduchtaithe.

Chun leas a bhaint as an gcéad lá scaoilte, mholfaimis duit teagmháil a dhéanamh le príomhoifig an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead coicís ar a laghad roimh dháta an lae scaoilte beartaithe.

Teastóidh an fhaisnéis seo a leanas uainn:

- Ainm na scoile agus uimhir rolla do scoile féin
- Ainm agus uimhir rolla na scoile a mbeidh tú ag obair léi
- An tslí a úsáidfear an lá leithdháilte .i. cad iad na gníomhaíochtaí agus cén uair a rinneadh iad srl.



Is féidir é seo a chur i ríomhphost chuig aine.kilbride@oide.ie agus cuirfear ar aghaidh é d'athbhreithniú nafoirne. Nuair a bheidh cinneadh déanta, beidh ball den fhoireann i dteagmháil leat.

Má theastaíonn an dara lá, lean an nós imeachta a leagtar amach thuas lena n-áirítear an fógra coicíse.

Bainistíonn an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead an t-am scaoilte lánroghnach teoranta seo agus tabharfar tosaíocht dóibh siúd a thug fógra roimh ré.

9. Cé go bhfuilim lán-oilte tá bliain ann ó thacaigh mé le MNC. Cad ab fhiú dom (mar bhall seachtrach) a léamh /aathbhreithniú sula n-oibreoidh mé leis an scoil agus le MNC?

Tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas faoin mhéid seo a leanas atá ar fáil ar an suíomh gréasáin s'againne:

- **Droichead – Proiseas Droichead: Phríomhchéimeanna** – Bunscoil ar fáil ar ár suíomh gréasáin
- **Droichead- Beartas Samplach Ionduchtaithe** – ar fáil ar ár suíomh gréasáin
- **Droichead Nuashonruithe is déanaí** – ar fáil ar ár suíomh gréasáin
- **Sracphlean Droichead** – ar fáil ar ár suíomh gréasáin
- **Uirlisí Breathnóireachta** – ar fáil ar ár suíomh gréasáin

10. D'iarr scoil orm a bheith páirteach sa phróiseas ach níl an oiliúint críochnaithe acu féin fós. Cad ba chóir dom a dhéanamh?

Sa chás seo, iarr tuilleadh eolais ar an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead– féach an nasc teagmhála thíos.

9. Agus má bhíonn cabhair nó comhairle uaim? Cad a dhéanfaidh mé?

Má tá tuilleadh tacaíochta nó soiléirithe uait déan teagmháil le do Cheannaire Foghlaim Gairmiúil. Tabharfaidh siad comhairle duit faoin mbealach is fearr le dul ar aghaidh. Gheobhaidh tú sonraí teagmhála ar an suíomh gréasáin seo againne <https://www.oide.ie/droichead> “**Seo daoibh an Fhoireann?**”.

Má tá aon cheist eile agat faoin bpainéal seachtrach, déan teagmháil le aine.kilbride@oide.ie

